Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2009

Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide

Tasc an Dalta

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
160 marc

Tá sonraí maidir le Tasc an Dalta do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2009 le fáil thall.

Ní mór Tasc an Dalta a bheith críochnaithe faoin Aoine 27 Feabhra 2009.

Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide (GDC)
Tasc an Dalta
Ardteistiméireacht 2009

Treoracha d'iarrthóirí:

1. Ní mór dhá chuid a bheith san obair chúrsa le haghaidh measúnaithe:
    - Cumhdach dearaidh A3 idir clúdaigh
        - Ní mór uasmhéid de 12 leathanach a bheith sa chumhdach ag an nGnáthleibhéal agus uasmhéid de 14 leathanach ag an Ardleibhéal.
    - CD ar leith ina bhfuil:
        - Na comhaid SolidWorks go léir a bhaineann leis an tasc críochnaithe
        - Cóip leictreonach den chumhdach críochnaithe.

    (Ba chóir an chóip leictreonach den chumhdach críochnaithe a chur i láthair i bhformáid PDF. Ba chóir go mbeadh an oiread céanna leathanach sa chóip leictreonach agus atá sa chumhdach dearaidh. Ba chóir úsáid a bhaint as scanóir A3 nó as ceamara digiteach chun na híomhánna a ghiniúint).*

2. Ní mór 1 phríomhfhillteán a bheith sa CD. Ba chóir a bheith in ainm an fhillteáin seo do scrúduimhir sa bhformáid seo a leanas "DCG SA 2009 (Scrúduimhir)".

3. Ní mór 2 fho-fhillteán a bheith sa phríomhfhillteán, a bhfuil tagairt dó thuas. Ní mór na leathanaigh go léir ón tasc críochnaithe a bheith i gceann de na fo-fhillteáin sin i bhformáid PDF*. Ní mór 2 fho-fhillteáin a bheith sa bhfo-fhillteán eile. Beidh gach ceann de na comhaid leictreonacha SolidWorks a bhfuil baint acu le Cuid A den tasc i gceann de na fo-fhillteáin sin agus beidh na comhaid leictreonacha SolidWorks a bhfuil baint acu le Cuid B den tasc sa dara fo-fhillteán. Níor cheart comhaid ar bith eile a bheith sa CD.

4. Lena cosaint le linn dó bheith á iompar, ba chóir an CD a chur i gclúdach plaisteach cosanta agus é greamaithe den taobh istigh de chlúdach an chumhdaigh dhearaidh.

5. Ní mór do scrúduimhir a bheith go soiléir ar an obair chúrsa go léir a chuirtear isteach le haghaidh measúnaithe.

6. Ní mór nach mbeadh san obair chúrsa a chuirtear isteach le haghaidh measúnaithe ach **do chuid oibre féin** agus ní mór go **gcuirfí i gcrích sa scoil** í faoi threoir mhúinteoir an ranga.

7. Ní mór na foinsí taighde a úsáidtear, an t-Idirlíon san áireamh, a admháil. Ní ghnóthóidh ábhar taighde a cóipeáladh go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí ar bith eile, agus é curtha i láthair mar do chuid oibre féin, marc ar bith.

8. Ní mór an obair chúrsa le haghaidh measúnaithe a chur i láthair ar bhealach tarraingteach agus bronnfar marcanna ar an gcur i láthair.

9. Ní mór an obair chúrsa a bheith ar fáil le haghaidh measúnaithe faoin **Aoine 27 Feabhra 2009**.

* *Mura bhfuil an bogearra is gá le tiontú go formáid PDF ag do scoil, glacfar, le haghaidh 2009, go gcuirfí an t-ábhar isteach i bhformáid JPEG.*

Tasc an Dalta Gnáthleibhéal – Ardteistiméireacht 2009:

Tá aonaid chianrialaitheoirí le fáil i bhformhór na dtithe. Ligeann siad d'úsáideoirí cineálacha éagsúla trealaimh chlosamhairc a oibriú.

Ag a lán de na cianrialaitheoirí sin bíonn gnéithe amhail scáileán LCD, rialaitheoirí a oibrítear le scáileán cnaipe/tadhaill, feidhm uilíoch, ionad do chadhnra, agus rl.

(A) Déan imscrúdú dearaidh ar gcruth fisiceach agus ar na gnéithe a bhaineann le cianrialaitheoirí atá ann cheann féin.

agus

(B) Taispeáin go grafach na mionathruithe a dhéanfá ar chianrialaitheoir chun a dhearadh foriomlán a fheabhsú.

nó

Déan dearadh nua coincheapa do chianrialaitheoir a fhorbairt agus a léiriú go grafach.

Ba chóir don tasc a chuirfear isteach an struchtúr atá imlínithe sa scéim marcála thíos a leanúint.

Tasc an Dalta - Gnáthleibhéal

Bronnfar marcanna faoi gach ceannteideal cuí ar phróiseas smaointeoireachta, ar mhachnamh agus ar chur i láthair.

		U.	Ceannteideal Rannáin	Tuairisc	Líon lch. A3 atá molta	Marc
Cuid (A) - Déantúsáin atá ann cheana féin		1	Taighde Dearaidh	Coimre a fhiosrú agus déantúsáin atá ann cheana féin a chur i láthair i bhformáid ghrafach.	1-2	50
		2	Comparáid leis an nGné Dhearaidh	Roghnaigh 2 íomhá agus léirigh/mínigh na príomhghnéithe dearaidh. Cuir isteach na príomhthoisí. Cuir príomhghnéithe dearaidh an dá cheann i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus úsáid á baint as sceitsí saorláimhe oiriúnacha agus as teicnící cur i láthair eile.	1-2	
		3	Léiriúchán Grafach Saorláimhe	Roghnaigh ceann amháin de na déantúsáin agus déan mionléiriúchán grafach den déantúsán sin. Ba chóir go mbeadh san áireamh ann líníocht léiriúcháin saorláimhe déanta d'ardchaighdeán i bhformáid 3D.	1	
		4	Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil agus rLíníocht	Gin mionsamhail mhion ríomhaire ina mbeidh 5 pháirt ar a laghad, Cóimeáil agus rLíníocht den déantúsáin atá roghnaithe.	Comhaid Leictreonacha SolidWorks ar CD	50
		5	Aschur cruachóipe as SolidWorks	Mionchlónna ortagrafacha. Cló pictiúrtha déanta. Cló scartha.	1-3	
		6	Íomhá Fhótaréadúil	Íomhá fhótaréadúil den déantúsán a bheidh ginte ag ríomhaire a dhéanamh.	1	
Cuid (B) - Mionathrú Dearaidh nó Dearadh Coincheapa		7	Fiosrú grafach ar réitigh dhearaidh	Anailís ar an gcoimre agus léiriú grafach ar réitigh fhéideartha An réiteach/na réitigh a roghnaíodh a mhíniú.	1-2	60
		8	Mionathrú/Dearadh Coincheapa a chur i láthair	Mionchur i láthair grafach ar an Mionathrú/Dearadh Coincheapa. Ba chóir a bheith san áireamh ann líníocht d'ardchaighdeán cur i láthair déanta go saorláimhe i bhformáid 3D.	1	
		9	Aschur cruachóipe ó SolidWorks	Mionsamhail CAD agus na haschuir chruachóipe a bhaineann léi.	1-3 (Móide comhaid leictreonacha SolidWorks ar CD)	
					Iomlán	**160**

Tasc an Dalta Ardleibhéal – Ardteistiméireacht 2009:

Bíonn tóir níos mó agus níos mó ag daoine óga ar stáisiún nasctha a dteastaíonn uathu an bailiúchán ceoil ar a seinnteoir pearsanta MP3 a roinnt lena cairde.

Bíonn gnéithe amhail saoráidí luchtaithe, callairí ionsuite, rialú neamhspleách airde, agus rl ina lán de na stáisiúin nasctha sin.

(A) Déan imscrúdú dearaidh ar gcruth fisiceach agus ar na gnéithe a bhaineann le stáisiún nasctha seinnteora MP3 atá ann.

agus

(B) Taispeáin go grafach na mionathruithe a dhéanfá ar stáisiún nasctha chun a dhearadh foriomlán a fheabhsú.

nó

Déan dearadh coincheapa do stáisiún nasctha a fhorbairt agus a chur in iúl go grafach.

Ba chóir don tasc a chuirfear isteach an struchtúr atá imlínithe sa scéim marcála thíos a leanúint.

Tasc an Dalta - Ardleibhéal

		U.	Ceannteideal Rannáin	Tuairisc	Líon lch. A3 atá molta	Marc
Bronnfar marcanna faoi gach ceannteideal cuí ar phróiseas smaointeoireachta, ar mhachnamh agus ar chur i láthair.	Cuid (A) - Déantúsáin atá ann cheana féin	**1**	Taighde Dearaidh	Coimre a fhiosrú agus déantúsáin atá ann cheana féin a chur i láthair i bhformáid ghrafach.	1-2	50
		2	Comparáid leis an nGné Dhearaidh	Roghnaigh 2 íomhá agus léirigh/mínigh na príomhghnéithe dearaidh. Cuir isteach na príomhthoisí. Cuir príomhghnéithe dearaidh an dá cheann i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus úsáid á baint as sceitsí saorláimhe oiriúnacha agus as teicnící cur i láthair eile.	2-3	
		3	Léiriúchán Grafach Saorláimhe	Roghnaigh ceann amháin de na déantúsáin agus déan mionléiriúchán grafach den déantúsán sin. Ba chóir go mbeadh san áireamh ann líníocht léiriúcháin saorláimhe déanta d'ardchaighdeán i bhformáid 3D.	1	
		4	Páirteanna SolidWorks, Cóimeáil agus rLíníocht	Gin mionsamhail mhion ríomhaire ina mbeidh 5 pháirt ar a laghad, Cóimeáil agus Ríomhlíníocht den déantúsáin atá roghnaithe. Cuirfear tíos maidir le dearadh agus leis an rún dearaidh san áireamh sa mharcáil ar an tasc.	Comhaid Leictreonacha SolidWorks ar CD	50
		5	Aschur cruachóipe as SolidWorks	Mionchlónna ortagrafacha. Cló pictiúrtha déanta. Cló scartha.	2-4	
		6	Íomhá Fhótaréadúil	Íomhá fhótaréadúil den déantúsán a bheidh ginte ag ríomhaire a dhéanamh.	1	
	Cuid (B) - Mionathrú Dearaidh nó Dearadh Coincheapa	**7**	Fiosrú grafach ar réitigh dhearaidh	Anailís ar an gcoimre agus léiriú grafach ar réitigh fhéideartha An réiteach/na réitigh a roghnaíodh a mhíniú agus bíodh aeistéitic, feidhmiúlacht agus inbhuanaitheacht imshaoil san áireamh agat.	2-4	60
		8	Mionathrú/Dearadh Coincheapa a chur i láthair	Mionchur i láthair grafach ar an Mionathrú/Dearadh Coincheapa. Ba chóir a bheith san áireamh ann líníocht d'ardchaighdeán cur i láthair déanta go saorláimhe i bhformáid 3D.	1	
		9	Aschur cruachóipe ó SolidWorks	Mionsamhail CAD agus na haschuir chruachóipe a bhaineann léi.	2-4 (Móide comhaid leictreonacha SolidWorks ar CD)	
					Iomlán	**160**